Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairliúchán Poiblí

Meán Fómhair 2022

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

The National Parks and Wildlife Service

DRÉACHT-Ráiteas Straitéise 2023-25

Réamhrá

Feictear roinnt Ceisteanna sna boscaí gorma ar fud an doiciméid.

Is ionann iad agus na ceisteanna atá sa Cheistneoir Ar Líne.

Úsáid an ceistneoir ar líne le do thoil chun cibé méid ceist atá ábhartha duitse a fhreagairt. Mura bhfuil tú ag iarraidh ceist a fhreagairt, fág an bosca freagra folamh.

Tá stair bhródúil ag Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na hÉireann, agus tá réimse freagrachtaí casta uirthi, ó fheidhmeanna beartas agus comhairleacha suntasacha, go freagrachtaí oibríochta sna Páirceanna Náisiúnta, maidir le caomhnú, forfheidhmiú, ceadúnú, dúlra agus bithéagsúlacht agus mar chomhairlí reachtúil ar phleanáil.

Leagfaidh an chéad **Ráiteas Straitéise don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)** croí-mhisean agus luachanna an SPNF amach, chomh maith lenár bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha mar eagraíocht do 2023-2025.

Tá do thuairimí á lorg againn maidir le cad ba cheart a bheith sna tosaíochtaí seo sna trí bliana amach romhainn. Cad iad na spriocanna is tábhachtaí a cheapann tú gur cheart don SPNF a chur in ord tosaíochta thar an tréimhse ama sin? An bhfuil smaointe maithe agat maidir le straitéisí ar chóir feidhm a bhaint astu chun na spriocanna sin a bhaint amach? Cad é an bealach is fearr chun ár ndul chun cinn a mheas?

Lean an eagraíocht ag feidhmiú ar feadh na mblianta mar gheall ar dhaoine a raibh saineolas acu agus a bhí fíordhíograiseach. Is léiriú é an **Plean Gníomhaíochta Straitéiseach d'Athbheochan na Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra** d'athrú ó bhonn i dtaca le móiminteam, dóibh siúd, iarbhaill foirne agus baill reatha foirne an SPNF, ag tógáil ar an obair atá déanta le blianta fada anuas, agus an dul chun cinn suntasacha don eagraíocht sna buiséid le déanaí, a mhéadaigh maoiniú an SPNF i 2022, don chéad uair ón ngéarchéim airgeadais, ar ais go leibhéil roimh 2008.

Is eochairthosaíocht é feidhmiú an Phlean Gníomhaíochta don eagraíocht, le tacaíocht iomlán ar fáil ón Aire Ó Brien, an tAire Stáit Noonan, agus an Rialtas. Is é an toradh ná go mbeidh an SPNF níos láidre, níos seasmhaí, le féiniúlacht níos láidre aici, níos fearr agus athrú a thiomáint agus a threorú. Beidh príomhthosaíochtaí níos soiléire ag an eagraíocht, agus acmhainní á dtreorú níos fearr i dtaca leis na dtosaíochtaí sin, cumarsáid níos soiléire, go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus fócas níos láidre ar sheirbhís do chustaiméirí agus seachadadh don phobail agus don saoránach.

Struchtúr Eagrúcháin SPNF

Déanann an Plean Gníomhaíochta 2022 athrú bunúsach ar struchtúr inmheánach an SPNF go sé stiúrthóireacht atá bailithe timpeall ar fhreagrachtaí feidhmiúla:

- Comhairle agus Taighde Eolaíoch
- Caomhnú an Dúlra
- Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra
- Fostú, Corparáideacha agus Saintacaí
- Reachtaíocht agus Ceadúnú
- Forfheidhmiú Fiadhúlra agus Cosaint an Dúlra

Bord Bainistíochta SPNF

Tá Stiúrthóir i gceannas ar gach ceann, ag freagairt don Ardstiúrthóir. I dteannta a chéile, is ionann na Stiúrthóirí agus Ardstiúrthóirí agus Bord Bainistíochta an SPNF.

Is iad Comhaltaí Bord Bainistíochta SPNF ná:

- Niall Ó Donnchú, Ardstiúrthóir
- Andy Bleasdale, Príomhchomhairleoir Eolaíochta ar Dúlra agus Bithéagsúlacht
- Ciara Carberry, Stiúrthóir Chaomhnú an Dúlra
- Sorcha De Brúch, Stiúrthóir Ceadúnaithe agus Reachtaíochta
- Suzanne Nally, Stiúrthóir Forfheidhmiú Fiadhúlra agus Caomhnú an Dúlra
- Catriona Ryan, Stiúrthóir Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra
- Stiúrthóir Fostaithe, Chorparáidigh agus Saintacaíochtaí – duine le ceapadh

Misean agus Luachanna an SPNF

Ceist 1:
Cad ba cheart a bheith mar chroí-mhisean ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra dar leat?

Ceist 2:

Cad iad na bunluachanna ar cheart an SPNF a threorú?

Le linn tréimhse ama nach bhfacthas riamh cheana leanfaidh na bunluachanna sin a chinntíonn go bhfuil an eagraíocht speisialta i gcónaí, an SPNF a threorú isteach san am atá le teacht.

- Grá domhain don dúlra, agus tiomantas dá chúram agus dá chosaint.
- Obair foirne agus barr feabhais, agus bród dea-oilte inár ngairmiúlachta agus inár ardchaighdeán eolaíoch.
- Féiniúlacht láidir, agus guth údarásach ar son an dúlra
- Tiomantas athnuaite maidir le fócas custaiméara, trédhearcacht agus freagracht inár gcinnteoireachta, maidir le comhoibriú agus cóimheas.



Príomhspriocanna Straistéiseacha an SPNF

Is iad na príomhspriocanna straitéiseacha foriomlána na heagraíochta i 2022-2025 ná:

- A bheith ina guth iontaofa agus údarásach don Dúlra
- Chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do chinnteoireacht a bhaineann leis an dúlra ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus pobail le treoir, comhairle, tacaíocht agus forfheidhmiú atá feabhsaithe agus an custaiméir mar chuid lárnach de
- Chun rannpháirtíocht pobail agus sochaíoch a chothú i leith an dúlra
- Chun tacaíocht a thabhairt do tháirgiúlacht eacnamaíoch le heolas feabhsaithe atá ábhartha don earnáil agus eolaíoch barr feabhais mar bhonn faoi
- Chun barr feabhais a choimeád i bhfeidhmiú agus i mbainistíocht Pháirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra na hÉireann
- Cur le barr feabhais lucht saothair an SPNF
- Bonneagar agus áiseanna an SPNF a leathnú agus a fhorbairt

Croí-Limistéir Fócas an SPNF

Cúig chroí-limistéar fócais don SPNF chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ná:

- Forbairt seirbhíse (barr feabhais don saoránach agus custaiméir)
- Cumarsáid páirtí leasmhara, rannpháirtíocht agus acmhainn a fhorbairt
- Ceannaireacht
- Eolaíocht, taighde agus teicneolaíocht
- Claochlú eagraíochtúil agus acmhainní a chur ar fáil go hinmheánach agus forbairt daoine

Ceist 3:

An iad seo na Spriocanna Straitéiseacha agus na réimsí fócais cearta don SPNF - an bhfuil aon rud in easnamh?

Comhairle agus Taighde Eolaíoch

Soláthar comhairle eolaíoch agus fianaise; feidhm láraithe do thaighde feidhmeach agus anailís laistigh den SPNF. Treoraithe ag Príomhchomhairleoir Eolaíoch ar Dhúlra agus Bithéagsúlacht. (Stiúrthóir: Andy Bleasdale)

Ceist 4:

Ag féachaint ar na feidhmeanna ceannlínte thuas, cad iad na dúshláin is mó a rachaidh an SPNF i ngleic leo maidir le Comhairle Eolaíoch agus Taighde sna 3 bliana amach romhainn, dár leat?

Ceist 5:

An bhfuil tuairimí agat ar conas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin seo?

Ceist 6:

Cad iad an 3-5 chuspóir gnó suntasach a cheapann tusa gur cheart don Stiúrthóireacht a chuir i bhfeidhm maidir le Comhairle Eolaíoch agus Taighde sna 3 bliana amach romhainn?

Caomhnú an Dúlra

Beart caomhantais agus spreagthaí ag láithreáin Natura, caomhnú agus athchóiriú talamh phortaigh , Bearta an AE, Clár Leasaithe don SPNF a chuir i bhfeidhm, Uiscebhealaí Éireann agus tionscadail Oileán Roinnte/Tuaisceart-Deisceart. (Stiúrthóir: Ciara Carberry)

Ceist 7:

Ag féachaint ar na feidhmeanna ceannlínte thuas, cad iad na dúshláin is mó a rachaidh an SPNF i ngleic leo maidir le Comhairle Eolaíoch agus Taighde sna 3 bliana amach romhainn, dár leat?

Ceist 8:

An bhfuil tuairimí agat ar conas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin seo?

Ceist 9:

Cad iad an 3-5 chuspóir gnó suntasach a cheapann tusa ba cheart don SPNF a chuir i bhfeidhm maidir le Caomhnú an Dúlra sna 3 bliana amach romhainn?

Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra

Bainistíocht oibríochta, lena n-áirítear seachadadh obair chaomhnaithe laistigh de na réimsí seo, Cuairteoirí, Áiseanna agus Bainistíocht Suímh, forbairt straitéise do Pháirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra.
(Stiúrthóir: Catriona Ryan)

Ceist 10:

Ag féachaint ar na feidhmeanna ceannlínte thuas, cad iad na dúshláin is mó a rachaidh an SPNF i ngleic leo maidir le Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra sna 3 bliana amach romhainn, dár leat**?**

Ceist 11:

An bhfuil tuairimí agat ar conas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin seo?

Ceist 12:

Cad iad an 3-5 chuspóir a cheapann tusa ba cheart don SPNF a chuir i bhfeidhm maidir le Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna sna 3 bliana amach romhainn?

Reachtaíocht agus Ceadúnú

Measúnaithe éiceolaíoch, Ceadúnú (fiadhúlra), Reachtaíocht lena n-áirítear Achtanna Fiadhúlra, comhordú ar chásanna lena mbaineann athbhreithniú breithiúnach. (Stiúrthóir: Sorcha de Brúch)

Ceist 13:

Ag féachaint ar na feidhmeanna ceannlínte thuas, cad iad na dúshláin is mó a rachaidh an SPNF i ngleic leo maidir le Reachtaíocht agus Ceadúnú sna 3 bliana amach romhainn, dár leat?

Ceist 14:

An bhfuil tuairimí agat ar conas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin seo?

Ceist 15:

Cad iad an 3-5 chuspóir a cheapann tusa ba cheart don SPNF a chuir i bhfeidhm maidir le Reachtaíocht agus Ceadúnú sna 3 bliana amach romhainn?

Forfheidhmiú Fiadhúlra agus Cosaint an Dúlra

Coir Fiadhúlra, ag cosaint agus caomhnú gnáthóga agus speiceas sainithe. (Stiúrthóir: Suzanne Nally)

Ceist 16:

Ag féachaint ar na feidhmeanna ceannlínte thuas, cad iad na dúshláin is mó a rachaidh an SPNF i ngleic leo maidir le Forfheidhmiú Fhiadhúlra agus Caomhnú Dúlra sna 3 bliana amach romhainn, dár leat?

Ceist 17:

An bhfuil tuairimí agat ar conas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin seo?

Ceist 18:

Cad iad an 3-5 chuspóir a cheapann tusa ba cheart don SPNF a chuir i bhfeidhm maidir le Forfheidhmiú Fiadhúlra agus Caomhnú an Dúlra sna 3 bliana amach romhainn?



Rannpháirteachas agus Corparáideach

Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, Cumarsáid, AD, Comhairle dlí agus Feidhmeanna Corparáideacha.

Ceist 19:

Cé hiad an lucht spéise is tábhachtaí d'obair an SPNF,dár leat?

Ceist 20:

Cad é an bealach is fearr don SPNF chun dul i gcion ar an lucht spéise seo?

Saincheisteanna costchiorraithe agus

Ceist 21:

Cad iad na saincheisteanna costchiorraithe agus straitéiseacha is tábhachtaí don SPNF sna 3 bliana amach romhainn, dár leat?

Ceist 22:

An bhfuil tuairimí agat gur mhaith leat go gcuirfimis san áireamh nuair atá ár Straitéis don 3 bliana amach romhainn á hullmhú againn?

www.gov.ie/ga/comhairliuchan/SPNF

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland